Uimhir 7 *de* 2016

AN tACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú

2. Leasú ar an Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014

3. Gearrtheideal

AN tACHT DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2014 (Uimh. 44)

Uimhir 7 *de* 2016

AN tACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht d'fhionraí muirearú i leith seirbhísí uisce tí; chun na gcríoch sin do leasú an Achta um Sheirbhísí Uisce, 2014; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[26 *Iúil* 2016]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn "Acht 2014" an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2014.

Leasú ar an Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014

2. Leasaítear Acht 2014—

(a) in alt 3—

(i) trí "agus faoi réir fho-alt (1A)" a chur isteach i ndiaidh "D'ainneoin alt 21(1) d'Acht Uimh. 2 de 2013",

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(1A) (a) D'ainneoin alt 21(1) d'Acht Uimh. 2 de 2013, ní ghearrfaidh Uisce Éireann muirear le haghaidh seirbhísí uisce arna soláthar do theaghais i leith na tréimhse (dá ngairtear an 'tréimhse chéadluaite' san fho-alt seo) dar tosach an 1 Iúil 2016 agus dar críoch an 31 Márta 2017.

(b) I gcás go gcuirfidh an coiste in iúl don Aire nach gcríochnóidh sé a chuid oibre an 31 Márta 2017 nó roimhe nó i gcás gur deimhin leis an Aire thairis sin nach gcríochnóidh an coiste a chuid oibre an dáta sin nó roimhe, féadfaidh sé nó sí, an dáta sin nó roimhe, ordú a dhéanamh lena bhfadófar an tréimhse chéadluaite go ceann cibé tréimhse bhreise, dar tosach an lá díreach tar éis dul in éag don tréimhse chéadluaite, nach faide ná an tréimhse a gcreidfidh sé nó sí a theastóidh ón gcoiste chun a chuid oibre a chríochnú agus a shonrófar san ordú.

(c) Chun a chumasú don Rialtas moltaí an choiste a bhreithniú, féadfaidh an tAire—

(i) ordú a dhéanamh lena bhfadófar an tréimhse chéadluaite go ceann cibé tréimhse bhreise, dar tosach an lá díreach tar éis dul in éag don tréimhse chéadluaite, a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí agus a shonrófar san ordú, nó

(ii) i gcás go ndearnadh ordú faoi mhír (b), ordú a dhéanamh lena bhfadófar an tréimhse chéadluaite arna fadú faoi mhír (b) go ceann cibé tréimhse bhreise, dar tosach an lá díreach tar éis dul in éag don tréimhse a sonraíodh san ordú faoi mhír (b), a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí agus a shonrófar san ordú.

(d) D'ainneoin alt 21(1) d'Acht Uimh. 2 de 2013, ní ghearrfaidh Uisce Éireann muirear le haghaidh seirbhísí uisce arna soláthar do theaghais i leith aon tréimhse a shonrófar in ordú faoi mhír (b) nó (c).

(e) Ní dhéanfaidh Uisce Éireann—

(i) roimh an 31 Márta 2017,

(ii) (in imthosca ina ndéanfar ordú faoi mhír (b)) roimh dhul in éag don tréimhse a shonrófar san ordú sin,

(iii) (in imthosca ina ndéanfar ordú faoi mhír (c)) roimh dhul in éag don tréimhse a shonrófar san ordú sin, nó

(iv) (in imthosca ina ndéanfar ordú faoi mhír (b) agus ina ndéanfar ordú faoi mhír (c)) roimh dhul in éag don tréimhse a shonrófar san ordú faoi mhír (c),

bille le haghaidh seirbhísí uisce arna soláthar do theaghais i leith na tréimhse ón 1 Aibreán 2016 go dtí an 30 Meitheamh 2016 a eisiúint.

(f) San fho-alt seo—

ní fholaíonn 'muirear le haghaidh seirbhísí uisce' muirear lena mbaineann mír (b) d'fho-alt (16);

ciallaíonn 'coiste' coiste arna bhunú, roimh an *Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2016* a rith, ar an Acht sin a rith nó tar éis an tAcht sin a rith, ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais chun scrúdú a dhéanamh ar cheist an mhaoinithe le haghaidh seirbhísí uisce arna soláthar do theaghaisí agus chun moltaí a dhéanamh i ndáil leis an gcéanna;

tá le 'tréimhse chéadluaite' an bhrí a shanntar dó le mír (a).",

agus

(iii) trí "5 Márta 2015" a chur in ionad "30 Meán Fómhair 2014" i bhfo-alt (18),

agus

(b) in alt 4, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(5) Ní bheidh an tréimhse chéadluaite de réir bhrí fho-alt (1A) d'alt 3 ná aon tréimhse a shonrófar le hordú faoin bhfo-alt sin ináirithe chun an tréimhse 12 mhí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a ríomh.".

Gearrtheideal

3. Féadfar an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2016 a ghairm den Acht seo.